GO019 GAELTACHT Bilingual PRIMARY 16pp FRENCH.ai 1 31/05/2022 09:13

AN BHUNSCOIL GHAELTACHTA

L'ÉCOLE PRIMAIRE GAÉLOPHONE (GAELTACHT PRIMARY SCHOOL)

Eolas do Thuismitheoirí & do Chaomhnóirí

Présentation à l'attention des parents et tuteurs

Gaeloideachas

Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

www.gaeloideachas.ie

GO019 GAELTACHT Bilingual PRIMARY 16pp FRENCH.ai 2 31/05/2022 09:13

Céard is Bunscoil Ghaeltachta ann?

Tá an bhunscoil Ghaeltachta suite laistigh de theorainn na Gaeltachta agus tá sí páirteach sa *Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta* faoin *Polasaí don Oideachas Gaeltachta.* Is í an Ghaeilge an phríomhtheanga foghlama agus chumarsáide sa scoil Ghaeltachta. Cuirtear luath-thumoideachas i bhfeidhm sna Naíonáin Bheaga agus Mhóra. Ciallaíonn sin go mbeidh na naíonáin tumtha go hiomlán sa Ghaeilge. Is Gaeilge amháin a bheidh á labhairt acu sa chéad dá bhliain ar scoil. Seo an córas is éifeachtaí chun an Ghaeilge a mhúineadh do pháistí nach í an Ghaeilge a dteanga baile agus déanann sé treisiú ar chumas teanga na gcainteoirí dúchasacha. Ní chuirtear tús le múineadh an Bhéarla i mbunscoileanna Gaeltachta go dtí Rang a 1.

Cuireann an scoil Ghaeltachta fáilte roimh dhaltaí a thagann ó chúlraí éagsúla teanga, cultúir, creidimh agus socheacnamaíocha. Cuireann an scoil Ghaeltachta béim ar an nGaeilge agus ar an oidhreacht Ghaeltachta, chomh maith le béim ar rannpháirtíocht i réimse leathan de ghníomhaíochtaí cultúrtha a chuireann le foghlaim agus le heispéiris na ndaltaí.

Déanaimid teagasc ar dhaltaí ó gach cúlra teanga!



Bom Dia!

Guten Morgen!

Good Morning!

Maidin mhaith!

Bonjour!

Dzień dobry!

GO019 GAELTACHT Bilingual PRIMARY 16pp FRENCH.ai 3 31/05/2022 09:13

Qu'est-ce qu'une école primaire gaélophone?

Les écoles primaires gaélophones se situent dans le Gaeltacht (zones gaélophones) et font partie du Programme pour la reconnaissance des écoles gaélophones *(Gaeltacht School Recognition Scheme)*, mis en place dans le cadre de la Politique sur l'enseignement gaélophone *(Policy on Gaeltacht Education)*. Dans ces écoles, l'apprentissage et la communication se font principalement en gaélique. Dès la petite et la moyenne section, les enfants suivent un enseignement linguistique immersif. Cela veut dire que durant leurs deux premières années d'école, les enfants sont totalement immergés dans la langue irlandaise. L'immersion précoce est la méthode la plus efficace pour aider les enfants à apprendre une langue. Cette stratégie permet également aux enfants dont la langue natale est le gaélique de maintenir leur niveau. Dans les écoles gaélophones, l'enseignement de la langue anglaise ne commence qu'à partir de lagrande section.

Les écoles gaélophones sont ouvertes à tous les enfants, quelle que soit leur situation linguistique, culturelle, religieuse ou socio-économique. L'accent est mis sur la langue irlandaise et sur l'héritage gaélique de l'école à travers de nombreuses activités culturelles qui contribuent à l'apprentissage des élèves et enrichissent leur expérience.

Bom Dia!

Guten Morgen!

Good Morning!

Maidin mhaith!

Bonjour!

Dzień dobry!

Nous enseignons aux élèves de tous les milieux linguistiques.

GO019 GAELTACHT Bilingual PRIMARY 16pp FRENCH.ai 4 31/05/2022 09:13

Céard é an Polasaí don Oideachas Gaeltachta?

Tá an *Polasaí don Oideachas Gaeltachta* á chur i bhfeidhm sna scoileanna Gaeltachta tríd *An Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta* ó 2017. Is polasaí stáit é a cruthaíodh chun aitheantas na scoileanna a dhaingniú mar scoileanna Gaeltachta. Is í an phríomhaidhm atá leis ná *"a chinntiú go bhfuil eispéireas oideachais ardchaighdeáin agus ábhartha trí mheán na Gaeilge ar fáil do na daoine óga uile atá ina gcónaí i limistéir Ghaeltachta agus, ar an mbealach seo, tacú le húsáid na Gaeilge mar phríomhtheanga na dteaghlach agus na bpobal Gaeltachta"* (Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-22, lch.7). Tá réimse tacaíochtaí breise curtha ar fáil do na scoileanna atá páirteach sa Scéim chun cabhrú leo feidhmiú ag barr a gcumas mar scoileanna Gaeltachta. Tá Scéim Cúntóirí Teanga maoinithe ag Roinn na Gaeltachta ag feidhmiú freisin i ngach scoil Ghaeltachta chun cuidiú leis an bhfoireann an Ghaeilge a chur chun cinn sa scoil.

Qu'est-ce que la Politique sur l'enseignement gaélophone?

La Politique sur l'enseignement gaélophone est appliquée dans les écoles gaélophones depuis 2017 sous forme du Programme pour la reconnaissance des écoles gaélophones. Il s'agit d'une politique publique mise en place afin de favoriser la reconnaissance des établissements participants en tant qu'écoles gaélophones. Le principal objectif est de « s'assurer que tous les jeunes du Gaeltacht aient accès à une éducation en irlandais adaptée et de qualité, afin d'encourager l'utilisation du gaélique comme langue principale dans les familles et communautés du Gaeltacht » (Policy on Gaeltacht Education, 2017-2022, page 7). Dans le cadre de cette politique, un grand nombre de mesures d'aide sont mises à disposition des écoles partenaires afin qu'elles puissent devenir aussi performantes que possible en tant qu'écoles gaélophones.

Un Programme pour les assistants linguistiques, financé par le ministère du Tourisme, de la Culture, des Arts, du Gaeltacht, des Sports et des Médias, a été mis en place dans chacune de ces écoles afin d'aider le corps enseignant à promouvoir la langue irlandaise.

GO019 GAELTACHT Bilingual PRIMARY 16pp FRENCH.ai 5 31/05/2022 09:13

Cén fáth go gcuirtear luath-thumoideachas i bhfeidhm sa scoil Ghaeltachta?

De bharr a lán athruithe a bheith tagtha ar shochaí na Gaeltachta le blianta, tá meascán teangacha le cloisteáil anois sa phobal agus sa seomra ranga Gaeltachta. Bíonn difríochtaí móra sa chaighdeán Gaeilge a bhíonn ag páistí nuair a thosaíonn siad ar scoil. Is cainteoirí dúchais cuid acu ó theaghlaigh lán-Ghaeilge, bíonn beagán Gaeilge ag cuid eile agus bíonn roinnt páistí nach mbíonn aon Ghaeilge acu. Bhí an meascán cumas teanga seo fíordhúshlánach do mhúinteoirí i mbunscoileanna Gaeltachta go dtí gur cuireadh an *Polasaí don Oideachas Gaeltachta* i bhfeidhm in 2017. Faoin bPolasaí cuireadh an dá bhliain luath-thumoideachais i bhfeidhm. Tá sé cruthaithe go hidirnáisiúnta gurb é an luath-thumoideachas an bealach is éifeachtaí chun freastal ar an éagsúlacht cumais teanga seo sa seomra ranga - cothaíonn an luath-thumoideachas líofacht teanga sna páistí ar bheagán nó gan aon Ghaeilge agus treisíonn sé saibhreas Gaeilge na gcainteoirí dúchasacha.

Pourquoi l'enseignement immersif est-il mis en pratique dans les écoles gaélophones ?

En raison des nombreux changements survenus dans la société du Gaeltacht ces dernières années, de nombreuses langues sont aujourd'hui parlées au sein de la communauté, et cela se retrouve également à l'école. Lorsqu'ils entrent à l'école, les enfants ont tous un niveau d'irlandais très différent. Certains sont des locuteurs natifs, issus de familles qui parlent le gaélique, d'autres ont quelques notions, et d'autres encore ne parlent pas du tout irlandais. Ces niveaux de langue disparates représentaient une difficulté importante pour les professeurs des écoles du Gaeltacht avant que la Politique sur l'enseignement gaélophone ne soit adoptée en 2017. Dans le cadre de cette politique, un programme d'immersion précoce de deux ans a été mis en place pour les enfants de petite et moyenne section. L'enseignement immersif est reconnu à l'international comme la meilleure façon de gérer une classe avec des niveaux de langue si variés : les enfants qui ne parlent pas ou très peu irlandais sont encouragés à faire des progrès, et les enfants qui parlent irlandais à la maison ont ainsi la possibilité de maintenir leur niveau.

GO019 GAELTACHT Bilingual PRIMARY 16pp FRENCH.ai 6 31/05/2022 09:13

Céard iad na buntáistí a bhíonn ag páistí a fhaigheann a gcuid bunoideachais sa scoil Ghaeltachta?

- Faigheann siad sárchaighdeán oideachais trí mheán na Gaeilge.
- Bíonn tuiscint dhomhain acu ar a n-oidhreacht Ghaeltachta agus iad feasach ar an saibhreas teanga agus cultúir timpeall orthu.
- Treisíonn an bunoideachas Gaeltachta cumas na bpáistí cumarsáid nádúrtha i nGaeilge a dhéanamh ina bpobal féin - lena muintir, cairde agus sna siopaí, seirbhísí agus cumainn áitiúla rud a chuireann bonn níos láidre faoin bpobal Gaeltachta.
- Bíonn páistí na Gaeltachta dátheangach, líofa i nGaeilge agus i mBéarla agus in ann léamh agus scríobh sa dá theanga. Tá sé cruthaithe go hidirnáisiúnta go ndéanann an dátheangachas níos éasca é teangacha eile a shealbhú, rud a ghabhfas chun tairbhe dóibh nuair a thosaíonn siad ar an iar-bhunscoil.
- Chomh maith leis na buntáistí acadúla agus cultúir a bhaineann leis an dátheangachas, tá buntáistí eile a bhaineann leis an dátheangachas. Féach ar na leathanaigh a leanas:

GO019 GAELTACHT Bilingual PRIMARY 16pp FRENCH.ai 7 31/05/2022 09:13

Quels sont les avantages pour les élèves de commencer leur éducation au sein d'une école gaélophone?

- Ils reçoivent une excellente éducation en irlandais.
- Ils développent une profonde connaissance de leur héritage gaélique et prennent conscience de la richesse de la langue et de la culture dans lesquelles ils sont immergés.
- Grâce aux écoles gaélophones, les enfants atteignent un niveau suffisant pour parler naturellement en irlandais au sein de leur propre communauté (avec leur famille, leurs amis, dans les commerces et groupes locaux), ce qui, en retour, renforce un peu plus la communauté du Gaeltacht.
- Les élèves deviennent bilingues et capables de lire et écrire en anglais et en gaélique. À l'international, il a été prouvé que le bilinguisme facilite l'apprentissage d'autres langues, ce qui leur sera utile pour le reste de leur scolarité.
- Le bilinguisme n'a pas que des avantages académiques et culturels. Voir les pages suivantes :

GO019 GAELTACHT Bilingual PRIMARY 16pp FRENCH.ai 8 31/05/2022 09:13

Buntáistí cognaíocha

Éiríonn le páistí smaoineamh ar bhealaí **níos cruthaithí**

Bíonn scileanna cuimhne níos fearr acu

Bíonn siad níos fearr **ag tabhairt airde, ag díriú ar thascanna** agus á gcur i gcrích

Léiríonn taighde gur féidir leis an dátheangachas moill cheithre bliana a chur ar ghalar Alzheimer

Avantages cognitifs

Possibilité pour les enfants de développer leur **pensée créative**

Amélioration des **capacités de mémorisation**

Meilleure capacité à **écouter**, à **se concentrer** sur des tâches et à les mener à bien

Les recherches montrent que le bilinguisme peut retarder de quatre ans l'apparition de la maladie d'Alzheimer

Líofacht agus litearthacht in dhá theanga

Forbraíonn páistí **líofacht** agus **litearthacht** sa Ghaeilge agus sa Bhéarla araon ar scoil

Scileanna inaistrithe iad seo gur féidir a chur i bhfeidhm i dteangacha eile

Bíonn tuiscint níos fearr acu ar na **bunchlocha teanga -** gramadach, déanamh focal, ord abairte

Bíonn sé níos éasca do na páistí **teangacha eile a fhoghlaim** leis na scileanna litearthachta atá sealbhaithe acu



Maîtrise de deux langues

Maîtrise de l'irlandais et de l'anglais en milieu scolaire, à **l'écrit comme à l'oral**

Compétences transposables pouvant être appliquées à d'autres langues

Meilleure compréhension des **fondements de la langue**, de la grammaire, de la formation des mots et de la structure des phrases

Apprentissage d'autres langues facilité, grâce aux capacités de lecture et d'écriture que les élèves acquièrent avec l'immersion linguistique

GO019 GAELTACHT Bilingual PRIMARY 16pp FRENCH.ai 9 31/05/2022 09:13

Scileanna éisteachta agus **cumarsáide** níos éifeachtaí ag páistí

Níos fearr in ann **iad féin a chur in iúl,** agus níos fearr in ann daoine eile a thuiscint

Scileanna Cumarsáide

Développement de **compétences d'écoute et de communication** plus efficaces

Meilleure capacité à **s'exprimer** et à comprendre les autres

Compétences en communication

Muinín agus féiniúlacht

Bíonn níos mó glacadh ag na páistí le cultúir éagsúla agus bíonn **meas níos mó** acu orthu

Spreagtar **ilchultúrachas** níos doimhne agus níos lú ciníochais

Bíonn tuiscint níos fearr ag na páistí ar a gcuid féiniúlachta féin — bíonn **féinmheas** níos mó acu

Confiance en soi et identité

Exposition plus large aux autres cultures et plus grand **respect** pour celles-ci



Promotion du **multiculturalisme** et lutte contre le racisme

Meilleure compréhension de leur identité propre, qui entraîne une meilleure **estime de soi**

GO019 GAELTACHT Bilingual PRIMARY 16pp FRENCH.ai 10 31/05/2022 09:13

Gnóthachtáil san oideachas

Léirigh taighde in 2011 go raibh **gnóthachtáil níos airde** sa Bhéarla agus sa mhata araon ag páistí i scoileanna Gaeltachta i gcomparáid lena bpiarghrúpa i scoileanna lán-Bhéarla.

Bronntar marcanna bónais ar iarrthóirí Ardteiste a fhreagraíonn trí Ghaeilge na páipéir scríofa in ábhair atá ainmnithe ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit.

Amélioration des résultats scolaires

Une étude réalisée en 2011 a montré que le niveau des élèves des écoles gaélophones en anglais et en mathématiques était **plus élevé** par rapport à celui des élèves des écoles anglophones.

Lors du Leaving Certificate Examination (équivalent de l'examen du baccalauréat), des points bonus sont attribués aux élèves qui répondent en gaélique aux sujets prescrits par la Commission nationale responsable des examens.

GO019 GAELTACHT Bilingual PRIMARY 16pp FRENCH.ai 11 31/05/2022 09:13

Ceisteanna coitianta

Foire aux questions

Cén chaoi a gcuidíonn an dá bhliain luath-thumoideachais le páistí ar cainteoirí dúchais iad?

Is trí Ghaeilge go hiomlán a bheidh an mhúinteoireacht agus an chumarsáid le páistí sna naíonáin bheaga agus mhóra. Saibhreoidh sé seo Gaeilge na gcainteoirí dúchais agus láidreoidh sé a gcuid scileanna cumarsáide, léitheoireachta agus scríbhneoireachta sa teanga. Cuirfidh sé lena stór focal, cuideoidh sé leo struchtúir na teanga a shealbhú agus tugann sé deis bhreise dóibh chun bonn níos seasmhaí a chur faoina gcuid cumas Gaeilge.

Comment ces deux ans d'enseignement immersif peuvent-ils aider des enfants qui sont déjà des locuteurs natifs?

L'apprentissage et la communication avec les enfants de petite et moyenne section se feront intégralement en irlandais. Cela permettra aux élèves natifs de renforcer leurs capacités à communiquer, lire et écrire en irlandais. Ces deux années leur donneront suffisamment de temps pour enrichir leur vocabulaire, former leurs phrases plus facilement et acquérir ainsi de solides bases dans la langue.

An mbeidh sé deacair ar pháiste nach labhraíonn Gaeilge ag tosú sa Scoil Ghaeltachta?

Ní bheidh, cuirtear fáilte mhór roimh gach páiste sa scoil Ghaeltachta is cuma cén teanga a labhraíonn sé/sí. Sna chéad seachtainí ar scoil, úsáidfidh an múinteoir comharthaíocht choirp, pictiúir, gothaí agus tuin chainte chun brí a chur in iúl agus cumarsáid a dhéanamh leis na páistí. Úsáidfidh siad amhráin, frásaí úsáideacha, cantaireacht agus rímeanna chun na páistí a mhealladh agus a spreagadh. De réir a chéile, tosóidh na páistí ag úsáid na Gaeilge go nádúrtha faoi stiúir an mhúinteora.

Un enfant qui ne parle pas du tout irlandais éprouvera-t-il des difficultés à son entrée à l'école gaélophone ?

Non. Chaque enfant est le bienvenu, quelle que soit la langue qu'il parle. Les premières semaines, le professeur utilisera son langage corporel, des images, des gestes et des intonations pour expliquer le sens des mots et communiquer avec les élèves. L'apprentissage se fera par le biais de chansons, d'expressions et de rimes afin d'intéresser et d'encourager les enfants. Au fur et à mesure, les enfants commenceront à naturellement parler irlandais, sous la supervision de leur professeur.

GO019 GAELTACHT Bilingual PRIMARY 16pp FRENCH.ai 12 31/05/2022 09:13

Céard faoin mBéarla? An mbeidh páistí na Gaeltachta faoi mhíbhuntáiste muna ndéanann siad staidéar ar Bhéarla go dtí Rang 1?

Ní bheidh. Beidh scileanna scríbhneoireachta agus léitheoireachta foghlamtha trí Ghaeilge ag na páistí i ranganna na naíonán. Aistreoidh siad na scileanna seo chuig foghlaim léitheoireacht & scríbhneoireacht an Bhéarla i Rang 1. De bharr go bhfuil na scileanna seo acu cheana beidh sé níos éasca acu an Béarla a fhoghlaim. Léiríonn taighde in Éirinn agus thar lear agus tá sé dearbhaithe i gCuraclam Teanga na Bunscoile go n-aistrítear na scileanna léitheoireachta & scríbhneoireachta a shealbhaíonn páistí ar dtús i dteanga amháin chuig an dara teanga agus go mbíonn sé níos éasca acu an dara teanga a fhoghlaim dá bharr sin. Leanann páistí na Gaeltachta an curaclam céanna Béarla agus a leantar i scoileanna lán-Bhéarla. Léirigh taighde in 2011 go raibh gnóthachtáil níos airde sa Bhéarla agus sa mhata araon ag páistí i scoileanna Gaeltachta i gcomparáid lena bpiarghrúpa i scoileanna lán-Bhéarla.

Qu'en est-il de l'anglais ? Les élèves des écoles gaélophones auront-ils des difficultés s'ils n'apprennent l'anglais qu'à partir de la grande section ?

Non. Les enfants auront déjà appris à lire et écrire le gaélique durant leurs premiers cours. Une fois en grande section, ils se serviront de ces cours afin d'apprendre l'anglais de la même façon. Comme ils auront déjà de l'expérience dans l'apprentissage d'une langue, il leur sera plus facile d'apprendre l'anglais. Une étude menée en Irlande et à l'étranger, qui a fait ses preuves dans le programme de langues à l'école primaire, montre qu'une fois que les enfants ont appris à lire et à écrire dans une langue, ils parviennent à transposer leurs compétences, et il leur est donc plus facile d'apprendre une deuxième langue. Les élèves des écoles gaélophones suivent les mêmes cours d'anglais que les écoles classiques où l'enseignement se fait en anglais. Une étude réalisée en 2011 a montré que le niveau des élèves des écoles gaélophones en anglais et en mathématiques était plus élevé que celui de camarades des écoles anglophones.



GO019 GAELTACHT Bilingual PRIMARY 16pp FRENCH.ai 13 31/05/2022 09:13

An bhfuil sé oiriúnach do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta acu a gcuid oideachais a fháil trí Ghaeilge?

Cuireann scoileanna Gaeltachta oideachas ar fáil do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu, idir riachtanais fhisiciúla agus riachtanais oideachais; páistí a bhfuil lagradharc nó lagéisteacht acu, páistí atá ar speictream an uathachais, páistí a bhfuil disléicse orthu agus le riachtanais speisialta oideachais eile chomh maith. Cuireann scoileanna Gaeltachta an tacaíocht chéanna ar fáil is atá i scoileanna lán-Bhéarla. D'aithin tuairisc a rinne An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta agus a foilsíodh in 2011, go gcuireann an t-oideachas dátheangach le forbairt shóisialta, mhothúchánach agus idirphearsanta na ndaltaí. Le roinnt blianta táthar ag cur leis an soláthar ranganna speisialta i scoileanna Gaeltachta, le freastal ar pháistí le riachtanais speisialta oideachais. Is í an cheist is tabhachtaí atá le cur agus scoil á roghnú agat do do pháiste ná *'an bhfuil na hacmhainní agus an taithí acu chun tacú le riachtanais mo pháiste - idir riachtanais fhoghlama agus riachtanais shástachta?'* Cuir ceist ar an scoil faoin tacaíocht is féidir leo a chur ar fáil bunaithe ar shainriachtanais do pháiste. Is féidir tuilleadh eolais a fháil inár rannóg a bhaineann le riachtanais speisialta oideachais - *www.gaeloideachas.ie/oideachas-speisialta*

L'enseignement en langue irlandaise convient-il aux enfants ayant des besoins éducatifs spéciaux ?

Les écoles gaélopohones prennent en charge les élèves ayant des besoins spéciaux, tant sur le plan physique qu'éducatif, notamment les enfants souffrant d'une déficience visuelle ou auditive, de troubles du spectre autistique, de dyslexie ou ayant d'autres besoins éducatifs spéciaux. Les écoles gaélophones offrent le même soutien aux élèves ayant des besoins spéciaux que les écoles classiques où l'enseignement se fait en anglais. Un rapport du National Council for Special Education (conseil irlandais pour l'éducation spécialisée) publié en 2011 reconnaît que l'éducation bilingue contribue à l'épanouissement social, émotionnel et interpersonnel des élèves. Ces dernières années, des aménagements supplémentaires ont été faits dans les écoles gaélophones, qui ont créé des classes spéciales afin d'aider à l'intégration des enfants qui ont des besoins particuliers. Lorsque vous choisissez une école pour votre enfant, il convient de se poser la question suivante : « cette école dispose-t-elle des moyens et de l'expérience nécessaires pour répondre aux besoins de mon enfant, à la fois en termes d'apprentissage et sur le plan du bien-être ? » Interrogez l'école sur l'aide qu'elle est en mesure d'apporter en fonction des besoins de votre enfant. Vous trouverez d'autres informations sur les besoins éducatifs spéciaux dans la rubrique dédiée de notre site : www.gaeloideachas.ie/special-education/

GO019 GAELTACHT Bilingual PRIMARY 16pp FRENCH.ai 14 31/05/2022 09:13

Cén chaoi ar féidir le tuismitheoirí agus caomhnóirí cúnamh a thabhairt dá bpáistí sa scoil Ghaeltachta?

An Naíonra: Má tá naíonra i do cheantar, moltar na páistí a chur ann, tabharfaidh sé tumadh sa teanga dóibh sula dtosaíonn siad ag an scoil Ghaeltachta áitiúil.

Úsáid an méid Gaeilge atá agat: Bíonn sé tábhachtach go léireoidh tuismitheoirí/caomhnóirí meon dearfach agus spreagúil i leith na scoile agus i leith na Gaeilge, fiú muna bhfuil Gaeilge ar a dtoil acu féin. Moltar an méid Gaeilge atá agat a úsáid le do pháiste, sa bhaile agus ar scoil. Bíonn tionchar ollmhór aige seo ar fhoghlaim agus ar rath na bpáistí ar scoil.

www.irishforparents.ie: Tá an suíomh idirlín seo curtha ar fáil ag Gaeloideachas chun cabhrú le tuismitheoirí/caomhnóirí a gcuid Gaeilge a fheabhsú, má tá suim acu sin a dhéanamh.

Eagraíocht Pleanála Teanga: Tá Eagraíochtaí Pleanála Teanga bunaithe i ngach Gaeltacht agus Oifigigh Pleanála Teanga fostaithe acu. Is fiú go mór fiosrú leo an bhfuil imeachtaí ar nós ranganna Gaeilge/imeachtaí sóisialta do thuismitheoirí ar bun acu i gcomhar leis an scoil áitiúil. Is féidir eolas a fháil faoi d'Eagraíocht Pleanála Teanga áitiúil anseo: *www.udaras.ie/an-ghaeilge-an-ghaeltacht/pleanail-teanga/*

Tuismitheoirí na Gaeltachta: Cuireann an eagraíocht náisiúnta Tuismitheoirí na Gaeltachta cúnamh agus comhairle ar fáil do theaghlaigh atá ag tógáil a gclann le Gaeilge sa Ghaeltacht nó ar mian leo a leithéid a dhéanamh. Gach eolas ag: *www.tuismitheoiri.ie*

Comment les parents et tuteurs peuvent-ils aider les enfants au sein des écoles gaélophones?

La *naíonra* (école maternelle). S'il y a une naíonra près de chez vous, il est conseillé d'y inscrire vos enfants : de cette manière, ils seront immergés dans la langue irlandaise avant même de commencer l'école primaire en langue irlandaise.

Parlez-leur irlandais, quel que soit votre niveau. Il est important que les parents et tuteurs des enfants se montrent encourageants et aient une attitude positive vis-à-vis de l'école et de la langue irlandaise, même s'ils ne parlent pas parfaitement le gaélique. Parlez irlandais à votre enfant, quel que soit votre niveau, à la maison et à l'école. Vous contribuerez ainsi beaucoup à améliorer son apprentissage et sa réussite scolaire.

www.irishforparents.ie: Ce site internet a été créé par la Gaeloideachas (association dédiée au développement des écoles gaélophones en République d'Irlande) dans le but d'aider les parents et tuteurs à améliorer leur niveau d'irlandais, si cela les intéresse.

Structures d'aménagement linguistique. Dans chaque zone du Gaeltacht, vous pouvez retrouver des structures d'aménagements linguistiques qui emploient des responsables des aménagements linguistiques. Il est intéressant de se renseigner afin de savoir si ces structures organisent des cours d'irlandais ou des activités pour les parents, en plus de l'école locale. Vous trouverez plus d'informations sur la structure d'aménagement linguistique la plus proche de chez vous sur cette page : *www.udaras.ie/an-ghaeilge-an-ghaeltacht/pleanail-teanga/*

Tuismitheoirí na Gaeltachta: Tuismitheoirí na Gaeltachta est une organisation irlandaise qui propose de l'aide et des ressources pour les familles du Gaeltacht qui élèvent ou souhaiteraient élever leurs enfants dans la langue irlandaise. Toutes les informations dont vous avez besoin sont disponibles ici : *www.tuismitheoiri.ie*

GO019 GAELTACHT Bilingual PRIMARY 16pp FRENCH.ai 15 31/05/2022 09:13

Tacaíocht do Thuismitheoirí

Tá Gaeloideachas ann chun cabhrú leatsa agus le do pháiste ar aistear an oideachais Ghaeltachta. Táimid anseo má bhíonn cabhair nó comhairle uait!

- Abhcóideacht
- Físeáin ar neart topaicí
  bit.ly/GaeloidYT
- Bileoga eolais
  bit.ly/BolscGaeloid
- **IrishforParents.ie**
- Fóram Plé do Thuismitheoirí
  bit.ly/FbGaeloidTuis
- Cainteanna agus Seimineáir
  bit.ly/Seimineáir

Aide aux parents

L'association Gaeloideachas est là pour vous aider, vous et votre enfant, tout au long de votre apprentissage de la langue irlandaise. Si vous avez besoin d'aide ou de conseils, nous sommes là pour vous aider.

- Sensibilisation
- Vidéos sur de nombreux sujets
  bit.ly/GaeloidYT
- Brochures d'information
  bit.ly/GaeloidPromo
- **IrishforParents.ie**
- Forum pour les parents
  bit.ly/FbGaeloidTuis
- Conférences et séminaires
  https://bit.ly/Cláraigh

GO019 GAELTACHT Bilingual PRIMARY 16pp FRENCH.ai 16 31/05/2022 09:13

Fúinn

Eagraíocht náisiúnta is ea Gaeloideachas, a thacaíonn le forbairt an oideachais Ghaeltachta agus lán-Ghaeilge in Éirinn.

Bunaíodh Gaeloideachas faoin ainm Gaelscoileanna in 1973 chun tacú le Gaelscoileanna, idir bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna. Laistigh de chúraimí na heagraíochta anois, tá soláthar seirbhísí tacaíochta do scoileanna Gaeltachta, naíonraí lasmuigh den Ghaeltacht agus seirbhísí do thuismitheoirí faoi churám na heagraíochta chomh maith.

Cuireann Gaeloideachas comhairle, cabhair agus tacaíocht ar fáil do thuismitheoirí ar mian leo go bhfreastalódh a bpáistí ar scoil Ghaeltachta nó scoil lán-Ghaeilge, chomh maith le seirbhísí tacaíochta agus abhcóideachta dóibh siúd atá ag obair san earnáil.

À propos de nous

Gaeloideachas est une organisation nationale qui œuvre pour le développement de l'enseignement en langue irlandaise.

Fondée en 1973 sous le nom de Gaelscoileanna pour soutenir les établissements de langue irlandaise du primaire et du secondaire en dehors du Gaeltacht, cette organisation propose désormais des services de soutien pour les établissements du Gaeltacht, pour les écoles maternelles gaélophones *(naíonraí)* en dehors du Gaeltacht et pour les parents.

Gaeloideachas fournit des conseils, une assistance et un soutien aux personnes qui souhaitent inscrire leurs enfants dans des établissements du Gaeltacht ou de langue irlandaise, ainsi que des services de soutien et de sensibilisation pour les personnes travaillant dans ce secteur.

Gorlann Ghnó na bhForbacha
Údarás na Gaeltachta
Na Forbacha, Co na Gaillimhe, H91 TY22, Éire
087-945 2452 / 087-915 5114

Halla Naomh Pádraig
Institiúid Oideachais Marino, Ascaill Uí Ghríofa
Baile Átha Cliath 9, D09 K4P6, Éire
+353-1-853 5195
eolas@gaeloideachas.ie www.gaeloideachas.ie

@Gaeloideachas
@Gaeloid
@gaeloideachas

Gaeloideachas
Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

GO019